



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017
(OR. en)

14802/17

CFSP/PESC 1057
CSDP/PSDC 661
COPS 372
POLMIL 153
EUMC 147

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	5 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14801/17 CFSP/PESC 1056 CSDP/PSDC 660 COPS 371 POLMIL 152 EUMC 146
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, a ghlac an Chomhairle ag an 3582ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh ó
Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus
Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh**

1. I gcomhréir lena conclúidí ón 6 Nollaig 2016 agus ón 19 Meitheamh 2017, is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar leantach neartaitheach le ECAT i réimsí leasa choitinn, go straitéiseach agus go hoibríochtúil araon, sa bhainistiú géarchéimeanna ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus i bhforbairt na gcumas cosanta nuair is ionann a n-éilimh. Maidir leis an Aontas, tugtar tús áite i gcónaí do chur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh. Gné riachtanach atá ann d'iarrachtaí níos leithne arb é is aidhm dóibh cumas an Aontais gníomhú mar sholáthraí slándála a neartú agus a chumas a neartú chun obair i gcomhar le comhpháirtithe, mar a luadh an athuair le déanaí sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais an 13 Samhain 2017.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn breise atá déanta i gcur chun feidhme na sraithe coitinne de thograí (42 gníomhaíocht) agus i ndáil leis an méid sin, aithníonn sí an dara tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolaic an tArdionadaí/an Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus Ardrúnaí ECAT go comhpháirteach i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 6 Nollaig 2016.
3. D'fhoilligh dul chun cinn a chomhdhlúthú agus dul chun cinn breise a áirithiú sna réimsí uile a liostaítear sa dearbhú comhpháirteach, formhuiníonn an Chomhairle sraith chomhchoiteann de thograí nua atá i gceangal san Iarscríbhinn, atá le hionchorprú sa tsraith bhunaidh de thograí. Gníomhaíochtaí nithiúla breise atá iontu maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh arna fhorbairt go comhpháirteach ag an Aontas (SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin, le GEC) agus ECAT, lena n-áirítear ábhar nua amhail an fhrithsceimhlitheoireacht, mná, an tsíocháin agus an tslándáil agus an tsoghluaisteacht mhíleata.

4. Leanfar den chomhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT a dhéanamh de mheon lánoscailte agus trédhearcach, agus uathriail agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus iad lánghníomhach sa chomhar sin. Is ar phrionsabail na cuimsitheachta agus na cómhálartachta atá sin bunaithe gan dochar do shainchineál bheartas slándála agus cosanta aon Bhallstáit.
5. Dearbhaíonn an Chomhairle nach doiciméad leithleach í an tsraith chomhchoiteann de thograí agus go gcaithfear í a léamh i gcomhar leis na conclúidí seo ón gComhairle agus cuirfear iad araon chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach thuas. Tá an tsraith chomhchoiteann de thograí nua á formhuiniú ag ECAT i bpróiseas comhthreomhar trí Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh.
6. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil an comhar a dhéanann ECAT leis na Ballstáit sin de chuid an Aontais nach baill d'ECAT iad ina chuid dhílis den chomhar AE-ECAT, agus i ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an rannchuidiú dearfach a thugann Ballstáit nach baill d'ECAT iad do ghníomhaíochtaí ECAT. Is cuid dhílis de chomhar AE-ECAT gníomhaíochtaí den sórt sin agus is mian go mór leis an gComhairle go leanfaí leo.
7. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí/an Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint leanúint leis an obair ar chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus a rannpháirtíocht agus trédhearcacht iomlán á n-áirithiú, agus tá sí ag tnúth leis an gcéad tuarascáil eile a fháil i mí an Mheithimh 2018 agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Sraith chomhchoiteann tograí maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

Cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha

Feasacht ar dhálaí:

- Caidreamh a mhéadú i measc gníomhaithe, ar leibhéal na foirne, atá i mbun cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha agus comhar a neartú, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - Cur chuige a fhorbairt d'fhonn oibriú i réimse na faisnéise atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear próisis agus uirlisí a úsáid lena ndéantar táirgí neamhrangaithe a bhailiú, a anailísiú, a scaipeadh agus a mhalartú.
 - Comhar a fhorbairt leis an lárionad Eorpach um chur i gcoinne bagairtí hibrídeacha, lena n-áirítear tacú lefeasacht ar dhálaí.
- An comhar a neartú ar leibhéal na foirne maidir le measúnuithe ar bhagairtí, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta, a thagann ón Deisceart agus ón Oirthear; breathnú ar na ranníocaíochtaí ó Mhol an Deiscirt de chuid ECAT, de réir mar is iomchuí.
- Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna chun faisnéis maidir le bagairtí sceimhlitheoireachta a mhalartú go rialta idir foirne de chuid an Aontais agus foirne de chuid ECAT, lena n-áirítear gníomhaireachtaí ábhartha. Tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairlí lena mbaineann faoi mhí an Mheithimh 2018.
- Mapáil agus anailís a dhéanamh, faoi 2018, ar tháscairí inscne sna córais réamhrabhaidh, lena n-áirítear anailís ar na táscairí sin lena bhféadfaí feabhas a chur ar fheasacht ar dhálaí agus ar ullmhacht, chun tacú le UNSCR 1325 (2000).

Cumarsáid straitéiseach

- Teachtaireachtaí cumarsáide straitéisí ar bhagairtí slándála a chomhordú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht.

An athléimneacht a threisiú

- An comhar a neartú idir foirne maidir le hullmhacht sibhialta, lena n-áirítear measúnuithe riosca, aslonnú leighis (MEDEVAC), teagmhais le líon mór taismeach, agus gluaiseacht daonra.
- Cláir a fhorbairt ina mbeidh na foirne páirteach i bplé agus i gceardlanna bunaithe ar chásanna féideartha chun comhthuiscint ar bhainistiú na géarchéime hibridí a chur chun cinn i gcomhréir leis an lámhleabhar/ leis an bprótacal oibríochtúil faoi seach, agus leis na himpleachtaí forbartha cumais a éiríonn as torthaí na bhfreachnamh ábhartha a rinneadh i leith na mbagairtí hibrídeacha in 2016.
- D'fhéadfadh an lárionad Eorpach um chur i gcoinne bagairtí hibrídeacha éascú a dhéanamh ar phlé, ar cheardlanna agus ar fhreachnaimh atá bunaithe ar chásanna féideartha.
- Déanfaidh foirne de chuid ECAT agus de chuid an Aontais iarrachtaí ullmhachta sibhialta a mhapáil idir bunlínte athléimneachta ECAT agus sreafaí oibre an Aontais a bhaineann le cosc agus le hullmhacht, agus tograí a leagan amach do na cásanna ina bhféadfaí breisluach a thabhairt trí chomhar breise a dhéanamh i rith na bliana 2018.
- Agus idir chleachtas bunaithe agus nósanna imeachta feidhmithe mar dhúshraith, breathnú ar bhaill foirne de chuid an Aontais a chuimsiú, nuair is iomchuí, sna foirne tacaíochta comhairlí maidir le hathléimneacht ECAT agus sna foirne cúnamh eile, mar aon le foirne de chuid ECAT a chuimsiú i misin chomhairleacha ábhartha de chuid an Aontais a bhaineann le cosc agus le hullmhacht, a dhéantar faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), faoi réir thoiliú an Stáit óstaí.

Comhar oibríochtúil lena n-áirítear saincheisteanna muirí

- Agus taithí sa Mheánmhuir agus i gCorn na hAfraice mar dhúshraith, breathnú ar na deiseanna eile atá ann chun tacaíocht lóistíochta fhrithpháirteach a thabhairt agus faisnéis a chomhroinnt idir na foirne, agus iad ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla, lena n-áirítear maidir le himirce neamhrialta, i gcás ina mbreathnaíonn an tAontas agus ECAT ar ghníomhaíochtaí sna réimsí céanna nó ina ndéanann siad gníomhaíochtaí sna réimsí sin. Ina theannta sin, breathnú ar na deiseanna chun tuilleadh comhair mhuirí a dhéanamh.

Cibearshlándáil agus cibearchosaint

- Dea-chleachtais ábhartha a mhalartú idir foirne maidir le gnéithe agus impleachtaí cibearshlándála na bainistíochta géarchéime agus na freagartha géarchéime, chomh maith le gnéithe oibríochtúla na cibearchosanta, amhail anailís ar bhagairtí agus ar fhaisnéis faoi bhogearraí mailíseacha, d'fhone feabhas a chur ar thuiscint agus ar shainaithint na sineirgí féideartha i gcur chuige an dá eagraíocht, lena n-áirítear foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le cibearshlándáil.

Cumais chosanta

- Comhar agus comhairliúchán a bhunú ar leibhéal na foirne, trí chruinnithe rialta, maidir le soghluaisteacht míleata i ngach réimse (ar an talamh, ar muir, san aer) chun a áirithiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach agus sineirgí idir an tAontas agus ECAT agus é mar aidhm acu sin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bacainní atá ann cheana, lena n-áirítear bacainní dlí, bacainní bonneagair agus bacainní nós imeachta, d'fhone gluaiseacht agus trasnú teorann pearsanra agus ábhar míleata a éascú agus a bhrostú, agus urraim iomlán á tabhairt do chinntí náisiúnta ceannasacha.
- Ceardlann neamhfhoirmiúil a chomheagrú i gcéad leath na bliana 2018 d'fhone comhthuiscint a fhorbairt maidir leis na bealaí lena bhféadfadh an fhrithsceimhlitheoireacht tairbhe a bhaint as forbairt an chumais chosanta.

- Comhleanúnachas san aschur a áirithiú idir an tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar an gCosaint (CARD) agus próisis ECAT faoi seach (amhail Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT), i gcás ina mbíonn nasc idir ceanglais tráth a dtugtar aitheantas, ag an am céanna, do chineál éagsúil an dá eagraíocht agus dá bhfreagrachtaí faoi seach, trí teagmhálacha foireann-go-foireann agus le cuirí ó na Ballstáit ar leith lena mbaineann chuig foireann ECAT freastal ar chruinnithe déthaobhacha CARD, de réir mar is iomchuí.

Freachnaimh

- Mar gheall ar fhreachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe (PACE) 2018, ar bhonn na gceachtanna a sainaithníodh ó na freachnaimh a bhí ann in 2017, iarracht a dhéanamh na ceanglais a fhorbairt faoi mhí an Mheithimh 2018 don chumarsáid slán ar an leibhéal foireann-go-foireann, i gcomhréir le socruithe agus nósanna imeachta iomchuí slándála, do mhalartú faisnéise rúnaicmithe agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh ar bhealach, éifeachtach.
- Ag tógáil ar an taithí a fuarthas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón freachnamh bainistíochta géarchéime (CMX) 17 agus PACE 18, plean a fhorbairt chun freachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe (PACE) idir ECAT agus an tAontas a chur chun feidhme in 2019-2020.
- Bunaithe ar an taithí ó fhreachnaimh faoi seach an Aontais agus ECAT i gcomhthéacsanna hibrídeacha agus i gcibearchomhthéacsanna, sraith de mhodúil choiteanna oiliúna agus freachnaimh a fhorbairt agus a rolladh amach, ag tosú in 2018, bíodh siad sin neamhspleách nó comhtháite i bhformáid níos leithne freachnamh agus oiliúna, chun oiliúint chomhtháite a chur ar fáil do phearsanra faoi seach.
- Cumarsáid ó fhoireann-go-foireann a fheabhsú, de réir mar is iomchuí, faoi chuimsiú na bhfreachnamh ábhartha de chuid ECAT agus an Aontais maidir le freagairt ar thubaistí.
- Idirphlé foireann-go-foireann a bhunú chun féachaint an bhféadfaí plé mionsonraithe, bunaithe ar chásanna, a chur ar bun maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar mhaithe le hoiliúint a chur ar fhoirne.

Fothú acmhainní cosanta agus slándála

Déanfaidh foirne an Aontais Eorpaigh agus ECAT an méid a leanas:

- Faisnéis a mhalartú, de réir mar is iomchuí, maidir leis an staid slándála i dtíortha comhpháirtíochta san Oirthear agus sa Deisceart, agus freisin san Iaráic, sa Libia agus sna Balcáin Thiar, agus maidir leis an mbealach le tacú leis na tíortha sin agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.
- A áirithiú go leanfar le comhroinnt na faisnéise agus le seachaint trasnaíle, ar gach leibhéal, i dtaca le gníomhaíochtaí san Iaráic.
- Iarrachtaí lena dtacaítear le treochlár rialtas na hAfganastáine agus le sásraí athchóirithe a chomhordú.
- An tacaíocht a thugtar d'fhothú acmhainní na gcomhpháirtithe chun cur i gcoinne bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, cibearbhagairtí agus bagairtí sceimhlitheoireachta a chomhordú.
- An comhar maidir le gnéithe a bhaineann le hinscne agus le mná, síocháin agus slándáil (WPS) a chothú agus acmhainneacht na gcomhpháirtithe á fothú i réimsí iomchuí d'fhonn tacú le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2000).

An t-idirphlé idir an tAontas agus ECAT a neartú

- Idirphlé foireann-go-foireann a bhunú maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht i bhfianaise rannpháirtíocht ECAT agus an Aontais i gcrúinnithe na Comhghuaillíochta Domhanda chun an Bua a fháil ar an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Mhór-Shiria agus d'fhonn comhar treisithe a bhaint amach i gcuir chuige ábhartha cumarsáide straitéiseacha.
- Nuair is iomchuí, d'fhéadfadh sé a bheith i gceist go dtabharfadh na foirne cuairteanna comhordaithe ar thíortha comhpháirtíochta san Oirthear, sa Deisceart agus sna Balcáin Thiar.
- Foirne le smaoineamh ar chuireadh a thabhairt d'ionadaithe na heagraíochta eile chun freastal ar chruinnithe le comhpháirtithe mar bhreathnóirí, de réir an cháis.

- Leanúint leis an idirphlé foireann-go-foireann maidir leis na comhthograí, lena n-áirítear idir foirne míleata ECAT agus an Aontais, agus tuilleadh feabhais a chur ar an idirphlé sin.
- Trasfhaisnéisiú a fheabhsú do chách, ar bhealach cothrom, chuig Comhairlí/Coistí/Meithleacha ábhartha an Aontais agus ECAT maidir le saincheistanna ar chun leas choitinn iad lena n-áirítear, i measc rudaí eile, dúshlán slándála ag teacht ón Oirthear agus ón Deisceart, na Balcáin Thiar, an fhrithsceimhlitheoireacht, cibearshlándáil agus cibearchosaint, slándáil agus cosaint hibrídeach, slándáil agus cosaint mhuirí agus fothú acmhainní slándála, mar aon le forbairtí móra maidir le slándáil agus cosaint na hEorpa a bhaineann le cur chun feidhme Straitéis Dhomhanda an Aontais agus an Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint, agus beartais ECAT.
- Malartú dea-chleachtais maidir le hoideachas agus oiliúint idir na foirne chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na 'Leanaí agus Coinbhleacht Armtha' agus féachaint an bhféadfaí oiliúint chomhchoitinn na bhfoirne a fhorbairt.
- Faoi mhí an Mheithimh 2018, tá na foirne le tuarascáil i scríbhinn a chur ar fáil do na Comhairlí faoi seach maidir le módúlachtaí don chomhar córasach agus don rannpháirtíocht agus idirghabháil chórasach idir foirne an dá eagraíocht agus na comhthograí á gcur chun feidhme.
